C/2024/7412

5.12.2024

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Nollaig 2024

lena mbunaítear an Grúpa Ardleibhéil, 'an Bord Eorpach um an Talmhaíocht agus Bia'

(C/2024/7412)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 38 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go bhfuil an tAontas le comhbheartas talmhaíochta (CBT) a shainiú agus a chur chun feidhme.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá na hinstitiúidí le hidirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta a choinneáil ar bun le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta.

(3) Le Cinneadh (AE) 2022/1368 ([1]) ón gCoimisiún, foráiltear maidir le creat chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara neamhrialtasacha in ábhair a bhaineann leis an talmhaíocht agus an fhorbairt tuaithe, lena n-áirítear gnéithe idirnáisiúnta na talmhaíochta. Cuireann sé ar a chumas don Choimisiún saineolas speisialtóirí i gcomhlachtaí comhairleacha a iarraidh, mar atá, na seacht nGrúpa Idirphlé Shibhialta, a bhfuil 81 eagraíocht is comhalta iontu i dteannta a chéile. I bhfianaise chuspóir na cuimsitheachta agus i bhfianaise an chur chuige oscailte rannpháirtíoch i leith páirtithe leasmhara, chomh maith le fócas téamach na ngrúpaí sin, fágann siad gur féidir comhairliúchán leathan a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara. Iarrann an Coimisiún go rialta ar na Grúpaí Idirphlé Shibhialta comhairle theicniúil a chur ar fáil ina réimse saineolais féin.

(4) I mí Mheán Fómhair 2023, san aitheasc uaithi ar Staid an Aontais, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen an tIdirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí Thalmhaíocht an Aontais, a seoladh i mí Eanáir 2024,arb idirphlé é inar tugadh le chéile príomhpháirtithe leasmhara ó earnálacha agraibhia na hEorpa, ón tsochaí shibhialta, ó phobail tuaithe agus ón saol acadúil chun teacht ar chomhthuiscint agus ar fhís choiteann maidir le todhchaí chórais feirmeoireachta agus bhia an Aontais.

(5) Ar bhonn na taithí a fuarthas ón Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí Thalmhaíocht an Aontais, is mian leis an gCoimisiún cultúr nua comhair agus idirphlé a chothú idir na páirtithe leasmhara, agus é d'aidhm leis an méid sin cuidiú le comhdhearcadh a chothú eatarthu a mhéid a bhaineann le conairí agus gníomhaíochtaí le haghaidh thodhchaí chórais feirmeoireachta agus bhia an Aontais, lena n-áirítear an comhbheartas talmhaíochta.

(6) Chuige sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún dul i muinín saineolais ó chomhlacht comhairleach d'ionadaithe páirtithe leasmhara chun comhairle ardleibhéil straitéiseach beartais de chineál neamhcheangailteach a chur ar fáil. Dhéanfadh sé sin an saineolas sonrach agus an saineolas earnála atá ar fáil cheana féin a chomhlánú, lena n-áirítear an saineolas ó na Grúpaí Idirphlé Shibhialta.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, grúpa ardleibhéil saineolaithe a bhunú ina mbeidh saineolaithe ón earnáil agraibhia, agus a chúraimí agus a struchtúr a shainiú, i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú.

(8) Leis an ngrúpa ba cheart cuidiú le cultúr nua idirphlé, muiníne agus rannpháirtíochta ilpháirtithe leasmhara a chothú i measc na ngníomhaithe agus leis an gCoimisiún. Ba cheart dó rannchuidiú leis an obair ar an bhfís maidir le todhchaí na talmhaíochta agus an bhia agus leis an obair leantach ar an tuarascáil ón Idirphlé Straitéiseach maidir le todhchaí thalmhaíocht an Aontais.

([1]) Cinneadh (AE) 2022/1368 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2022 lena gcuirtear ar bun Grúpaí Idirphlé Shibhialta in ábhair arna gcumhdach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/767/AE (IO L 205 5.8.2022, lch. 278, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1368/oj).

([2]) Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a chruthú agus a oibriú.

(9) Ba cheart 30 eagraíocht is comhalta ar a mhéad a bheith sa ghrúpa, agus ionadaíocht á déanamh acu don phobal feirmeoireachta, do ghníomhaithe eile i slabhra an tsoláthair bia, nó don tsochaí shibhialta (lena n-áirítear ionadaíocht i réimsí amhail an comhshaol agus an aeráid, leas ainmhithe nó saincheisteanna tomhaltóirí). Ba cheart ionadaíocht chothrom a bheith ann idir na trí chatagóir páirtithe leasmhara sin sa ghrúpa seo.

(10) Féadfar iarraidh ar shaineolaithe páirt a ghlacadh in obair an ghrúpa ar bhonn *ad hoc* agus é mar sprioc ag an méid, i measc nithe eile, saineolas eolaíoch a sholáthar i ndáil le hábhar atá ar an gclár oibre.

(11) Ba cheart rialacha a leagan síos maidir comhaltaí den ghrúpa seo faisnéis a nochtadh. Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(12) Is iomchuí tréimhse a shocrú chun an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh in am trátha ar a inmholta atá sé síneadh ama a thabhairt,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin ar a dtugtar an Bord Eorpach um an Talmhaíocht agus Bia ('an grúpa').

Airteagal 2

Cúraimí

Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an ngrúpa:

(a) comhairle ardleibhéil a sholáthar don Choimisiún faoi fhorbairtí beartais straitéiseacha i ndáil leis an bhfís maidir leis an talmhaíocht agus bia agus leis an obair leantach ar an tuarascáil ón Idirphlé Straitéiseach maidir le todhchaí thalmhaíocht an Aontais;

(b) idirphlé agus malartú taithí a chothú i measc a chomhaltaí maidir leis na réimsí dá dtagraítear i bpointe (a), agus aird ar leith á tabhairt ar chomhleanúnachas agus ar shineirge bheartais an Aontais agus ar a gcomhsheasmhacht le tionscnaimh de chuid na hearnála príobháidí;

(c) comhairle a chur ar an gCoimisiún agus tionscnaimh bheartais á n-ullmhú sna réimsí dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) tuairim a thabhairt ar ábhair shonracha arna iarraidh sin don Choimisiún agus laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos san iarraidh sin.

Airteagal 3

Comhairliúchán

Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an ngrúpa maidir le haon ábhar a bhaineann leis an talmhaíocht agus bia, agus an tréimhse ama ina mbeidh comhairle ag teastáil á sainiú aige.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 4

Comhaltas

1. Suas le 30 comhalta, ar a mhéad, a bheidh sa ghrúpa.

2. Beidh comhaltaí an ghrúpa ina n-eagraíochtaí páirtithe leasmhara, a oibríonn ar leibhéal an Aontais agus a dhéanann ionadaíocht do pháirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais. Déanfaidh na heagraíochtaí ionadaíocht don phobal feirmeoireachta, do ghníomhaithe eile i slabhra an tsoláthair bia, nó don tsochaí shibhialta.

3. Léireoidh na heagraíochtaí an inniúlacht agus an saineolas ábhartha is leithne i réimsí atá ábhartha don talmhaíocht agus/nó do bhia ar leibhéal an Aontais agus beidh an ionadaíocht gheografach is leithne ar fud na mBallstát ag baint leo.

4. Ainmneoidh gach eagraíocht is comhalta ionadaí ardleibhéil amháin, i.e. duine ag a bhfuil post an Uachtaráin, an Ard-Rúnaí, an Ard-Stiúrthóra nó a choibhéis aige ina heagraíocht, agus beidh sí freagrach as a áirithiú go gcuirfidh a hionadaí ardleibhéal saineolais ar fáil.

5. Comhaltaí nach bhfuil sé ar a gcumas a thuilleadh rannchuidiú go héifeachtach le pléití an ghrúpa saineolaithe, ar comhaltaí iad nach gcomhlíonann, de réir tuairim ó roinn an Choimisiúin lena mbaineann, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó comhaltaí a éiríonn as oifig, ní iarrfar orthu a thuilleadh a bheith rannpháirteach in aon chruinniú den ghrúpa agus féadfar duine a chur ina n-ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige.

Airteagal 5

Próiseas roghnúcháin

1. Déanfar comhaltaí an ghrúpa a roghnú trí bhíthin glao poiblí ar iarratais a fhoilseofar ar an gClár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis chomhchosúla eile ('an Clár de ghrúpaí saineolaithe') dá dtagraítear i gCinneadh C(2016) 3301. Thairis sin, féadfar an glao ar iarratais a fhoilsiú ar mhodhanna eile, lena n-áirítear ar shuíomhanna gréasáin tiomanta. Sa ghlao ar iarratais, leagfar amach go soiléir na critéir roghnúcháin, lena n-áirítear an saineolas is gá agus na leasanna a ndéanfar ionadaíocht orthu i ndáil leis an obair atá le déanamh. Is é 4 seachtaine an sprioc-am is giorra le haghaidh iarratas.

2. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go mbeidh ionadaíocht chothrom ann idir na trí chatagóir de chomhaltaí, dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 4(2). Déanfaidh na heagraíochtaí ionadaíocht don leas comhchoiteann is leithne agus do leas is leithne an Aontais agus léireoidh siad an tábhacht atá leo, lena n-áirítear ionadaíocht gheografach, ar leibhéal an Aontais i réimse na talmhaíochta agus/nó an bhia.

3. Is gá d'eagraíochtaí clárú sa Chlár Trédhearcachta ([4]) chun go gceapfar iad.

4. Is é Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe an Choimisiúin ('AS AGRI') a cheapfaidh comhaltaí an ghrúpa ó eagraíochtaí is iarratasóirí ag a bhfuil inniúlacht agus taithí chruthaithe ábhartha acu sna réimsí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 agus a d'fhreagair an glao ar iarratais, chun freastal ar chruinnithe an ghrúpa.

5. Ceapfar na comhaltaí ar feadh téarma oifige 5 bliana.

Airteagal 6

An cathaoirleach

Is é an Coimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia a bheidh ina chathaoirleach ar an ngrúpa.

([4]) https://transparency-register.europa.eu/index_ga.

Airteagal 7

Oibriú

1. Cuirfidh AS AGRI seirbhísí rúnaíochta ar fáil.

2. Gníomhóidh an grúpa arna iarraidh sin don Chathaoirleach i gcomhairle le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

3. Tiocfaidh an grúpa le chéile arna iarraidh sin do AS AGRI i gcomhairle le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

4. I bprionsabal, tiocfaidh an grúpa le chéile idir 2 uair agus 6 huaire sa bhliain. Féadfaidh an cathaoirleach an grúpa a thionól le haghaidh cruinnithe breise nuair atá gá le comhairle phráinneach.

5. I bprionsabal, is in áitreabh de chuid an Choimisiúin nó go fíorúil, de réir na n-imthosca, a bheidh cruinnithe an ghrúpa.

6. Oifigigh an Choimisiúin a bhfuil leas acu sna himeachtaí, féadfaidh siad freastal ar chruinnithe an ghrúpa.

7. I gcomhaontú le AS AGRI, féadfaidh an grúpa a chinneadh, trí thromlach simplí dá chomhaltaí, a chuid plé a dhéanamh go poiblí.

8. Na miontuairiscí ar an bplé a dhéanfar ar gach pointe ar an gclár agus ar na tuairimí ón ngrúpa, beidh siad fóinteach agus iomlán. Is í an rúnaíocht, faoi fhreagracht an chathaoirligh, a dhréachtóidh na miontuairiscí.

9. A mhéid is féidir, is de chomhthoil a ghlacfaidh an grúpa a thuairimí, a mholtaí agus a thuarascálacha. I gcás vóta, cinnfear toradh na vótála trí thromlach simplí de na comhaltaí. Na comhaltaí a chaith vóta freasúra nó a staon ó vótáil, beidh sé de cheart acu go gcuirfí i gceangal leis na tuairimí, na moltaí nó na tuarascálacha doiciméad lena ndéanfaí achoimre ar na cúiseanna lena seasamh.

Airteagal 8

Fo-ghrúpaí

Féadfaidh AS AGRI fo-ghrúpaí a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar bhonn téarmaí tagartha arna sainiú ag AS AGRI i gcomhairle le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin. Oibreoidh na foghrúpaí i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha agus tuairisceoidh siad don ghrúpa. Déanfar iad a lánscor a luaithe a chomhlíonfar a sainordú.

Airteagal 9

Saineolaithe iarrtha

Féadfaidh AS AGRI, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, iarraidh ar shaineolaithe, a bhfuil saineolas sonrach acu i ndáil le hábhar ar an gclár oibre, páirt a ghlacadh in obair an ghrúpa ar bhonn *ad hoc*.

Airteagal 10

Breathnóirí

1. Féadfar stádas breathnóra a bhronnadh ar eagraíochtaí agus ar eintitis phoiblí nach údaráis na mBallstát iad, trí chuireadh díreach a chur orthu i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

2. Eagraíochtaí agus eintitis phoiblí a cheapfar ina mbreathnóirí, ainmneoidh siad a n-ionadaithe.

3. Féadfaidh an Cathaoirleach cead a thabhairt d'ionadaithe na mbreathnóirí a bheith rannpháirteach i bpléitíi an ghrúpa, agus a fhoghrúpaí, agus saineolas a sholáthar, agus an gá le saineolas á chur san áireamh, mar aon leis an ngá le cineál idirghníomhach an phlé a chaomhnú. Ní bheidh cearta vótála acu, áfach, agus ní ghlacfaidh siad páirt i bhfoirmliú mholtaí ná chomhairle an ghrúpa.

Airteagal 11

Rialacha nós imeachta

Ar thogra ó AS AGRI agus i gcomhaontú leis, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, glacfaidh an grúpa a chuid rialacha nós imeachta trí thromlach simplí a chomhaltaí, ar bhonn na rialacha caighdeánacha nós imeachta le haghaidh grúpaí saineolaithe, i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha. Oibreoidh na foghrúpaí i gcomhréir le rialacha nós imeachta an ghrúpa.

Airteagal 12

An rúndacht ghairmiúil agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil

Na comhaltaí den ghrúpa agus a n-ionadaithe, chomh maith le saineolaithe agus breathnóirí iarrtha, tá siad faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, a bhfuil feidhm aici, de bhua na gConarthaí agus na rialacha lena gcuirtear chun feidhme iad, maidir le gach comhalta de chuid na n-institiúidí agus a bhfoirne, agus, chomh maith leis sin, tá siad faoi réir rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais, a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ([5]) agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([6]). Mura n-urramóidh siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 13

Trédhearcacht

1. Clárófar an grúpa agus a fhoghrúpaí ar an gClár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis chomhchosúla eile ('an Clár de ghrúpaí saineolaithe').

2. A mhéid a bhaineann le comhdhéanamh an ghrúpa agus na fo-ghrúpaí, foilseofar na sonraí seo a leanas sa Chlár de ghrúpaí saineolaithe:

(a) ainmneacha na n-eagraíochtaí is comhaltaí; nochtfar an leas a bhfuiltear ag déanamh ionadaíocht dó;

(b) ainm ionadaithe na n-eagraíochtaí;

(c) ainmneacha na mbreathnóirí.

3. Gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe, cuirfear ar fáil ar an gClár de ghrúpaí saineolaithe iad nó trí nasc ón gClár de ghrúpaí saineolaithe chuig suíomh gréasáin tiomnaithe, inar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Maidir le rochtain ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe, ní bheidh sé faoi réir úsáideoirí clárú ná faoi réir aon srian eile. Go sonrach, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcruinniú, agus foilseofar na miontuairiscí go tráthúil ina dhiaidh sin. Ní fhéadfar eisceachtaí ó fhoilsiú a dhéanamh ach i gcás ina meastar go ndéanfadh nochtadh doiciméid dochar do chosaint leasa phoiblí nó phríobháidigh mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

([5]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

([6]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

Airteagal 14

Caiteachas a chomhlíonadh

1. Ní dhéanfar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an ghrúpa agus na bhfoghrúpaí a íoc as na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

2. Aisíocfaidh an Coimisiún na costais taistil agus chothaithe a thabhóidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an ghrúpa agus na bhfoghrúpaí. Déanfar an aisíocaíocht i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil chun acmhainní a leithdháileadh.

Airteagal 15

Infheidhmeacht

Tá feidhm ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha agus beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2029. Breithneoidh an Coimisiún, in am trátha, a inmholta atá sé síneadh ama a chur leis.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún